Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15029/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0177(COD)**

**CODEC 2005**
**EF 332**
**ECOFIN 1218**
**ENV 1060**
**SUSTDEV 117**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/2088 agus (AE) 2023/2859 (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 13 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 4 Deireadh Fómhair 2023[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Deireadh Fómhair 2023[3].

4. An 24 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas an Pharlaimint ceartúchán a rinneadh ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici an 21 go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2024. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 10638/23 REV 1 + ADD1 REV 1 + ADD 2-4.
[2] IO C, C/2023/1354, 1.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1354/oj.
[3] IO C, C/2024/883, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/883/oj.
[4] 14739/24.

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 43/24 é, a fhormheas mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.